Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2026
(OR. en)

16067/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0351 (NLE)

AELE 102
CH 33
MI 1230

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 611 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 611 final.

Faoi iamh: COM(2026) 611 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.11.2026
COM(2026) 611 final

2026/0351 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta)[1].

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú

Tá an Comhaontú mar chuid de phacáiste leathan comhaontuithe a caibidlíodh in 2024 chun an caidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú. Síníodh an Comhaontú féin an 10 Samhain 2025 agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach é le héifeacht ón 1 Eanáir 2025 chun rannpháirtíocht luath eintitis na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais a éascú.

Leis an gComhaontú, leagtar amach rannpháirtíocht na hEilvéise sna cláir de chuid an Aontais atá oscailte do chomhlachas tríú tíortha. Cinntear leis na coinníollacha airgeadais faoin ndéanfaidh an Eilvéis ranníocaíochtaí le buiséad na gclár de chuid an Aontais. Soiléirítear leis freisin rannpháirtíocht ionadaithe na hEilvéise i struchtúir rialachais na gcláir éagsúla de chuid an Aontais. I gcás ina bhforáiltear dó sin sna bunghníomhartha lena mbaineann, ceanglaítear leis an gComhaontú go dtabharfar rochtain d'eintitis an Aontais ar chláir chistiúcháin choibhéiseacha na hEilvéise ar bhonn cómhalartach.

2.2. An Comhchoiste

Tá an Comhchoiste um rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais a bunaíodh le hAirteagal 16(1) den Chomhaontú freagrach as feidhmiú cuí agus cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú, lena gcumhdaítear saincheisteanna amhail:

– cur chun feidhme an tsásra lena rialaítear ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise leis na cláir nó na gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ina bhfuil sí rannpháirteach;

– malartú faisnéise agus scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a d'fhéadfaí a ardú maidir le saothrú torthaí, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla;

– plé ar shrianta ar rochtain ar chláir thaighde agus nuálaíochta;

– plé ar threoshuíomhanna na mbeartas a bheidh ann amach anseo a bhaineann le cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais a chumhdaítear leis an gComhaontú;

– prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir nó i ngníomhaíochtaí de chuid an Aontais a ghlacadh trí bhíthin cinnidh;

[1] Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais (IO L, 2025/2480, 16.12.2025).
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2025/2480/oj

– leasú ar Airteagail 11 agus 12 den Chomhaontú maidir le hathbhreithnithe agus iniúchtaí agus imscrúduithe riaracháin arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (‘OLAF’);

– feidhmiú cuí agus cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise, i gcomhar leis an gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le sláinte (an ‘Comhaontú maidir le Sláinte’).

Is de chomhthoil a ghlactar cinntí an Chomhchoiste.

Tá an Comhchoiste comhdhéanta d’ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ón Eilvéis agus tá an tAontas Eorpach agus an Eilvéis le bheith ina gcomhchathaoirligh air. Le hAirteagal 3 den dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe idir an tAontas agus an Eilvéis a pléadh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 24 Feabhra 2026, déantar foráil go ndéanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais agus go gceadófar do gach Ballstát ionadaí amháin a sheoladh mar chuid de thoscaireacht an Aontais ag cruinnithe den Chomhchoiste[2].

2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Ag an gcéad chruinniú a bheidh aige, tá an Comhchoiste le Cinneadh a ghlacadh maidir le ‘Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais’.

Is é is cuspóir don chinneadh atá beartaithe cúraimí agus freagrachtaí an Chomhchoiste a leagan amach go soiléir i gcomhréir le hAirteagal 3(2) agus Airteagal 16 den Chomhaontú.

Chuige sin, sna rialacha nós imeachta atá beartaithe tugtar tuairisc ar an gcaoi a dhéanfaidh an Comhchoiste an méid seo a leanas:

– an Comhchoiste a chur le cheile a bheidh comhdhéanta d’ionadaithe ón Aontas agus ón Eilvéis, lena n-áirítear comhchathaoirligh a ainmniú, agus rúnaíocht a bheidh comhdhéanta d’ionadaithe ón dá Pháirtí;

– a chuid cruinnithe a eagrú, a chláir oibre a shocrú, agus miontuairiscí na gcruinnithe sin a láimhseáil;

– na cinntí a dhéanfaidh sé chun an Comhaontú a chur chun feidhme a ullmhú agus a chomhdú;

– comhoibriú leis an gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Sláinte, mar a shonraítear le hAirteagal 16(1), mír (b), den Chomhaontú;

– faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a láimhseáil, cosaint sonraí pearsanta a áirithiú, agus iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid a láimhseáil;

– meithleacha nó comhlachtaí comhairleacha a chur ar bun agus a bhainistiú faoina údarás.

I gcomhréir le hAirteagal 16(2) den Chomhaontú, beidh an Cinneadh ón gComhchoiste ina cheangal ar na Páirtithe. Beidh sé infheidhme láithreach.

[2] Féach https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10643-2025-INIT/ga/pdf

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tá sé beartaithe aontú leis an gcinneadh atá beartaithe maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas agus, dá bhrí sin, é a chur ar a chumas don Chomhchoiste a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[3].

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é an Comhchoiste a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin, an Comhaontú idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais.

Is é atá sa ghníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis ar fheidhmiú an Chomhchoiste, agus mar thoradh air sin, beidh éifeachtaí dlíthiúla aige don Aontas faoin gComhaontú toisc go gceanglófar ar an dá pháirtí iad a leanúint.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

Ós rud é gurb é is aidhm don chinneadh atá beartaithe socruithe oibre a bhunú chun an Comhaontú a bhainistiú agus a chur chun feidhme, ar cuid de phacáiste leathan comhaontuithe nasctha é, is é Airteagal 217 CFAE an bunús dlí substainteach iomchuí don Chinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Foilseofar an cinneadh ón gComhchoiste lena nglactar a Rialacha Nós Imeachta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

---

[3] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9), i gcomhar le hAirteagal 217 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais (‘an Comhaontú’) an 10 Samhain 2025 agus cuirtear i bhfeidhm é go sealadach mar a údaraítear le Cinneadh (AE) 2025/2478 ón gComhairle[4].

(2) De bhun Airteagal 16(8) den Chomhaontú, ba cheart don Chomhchoiste a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aige.

(3) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste.

(4) An glacadh a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (‘Conradh Euratom’), tá an glacadh sin faoi réir nós imeachta ar leithligh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais, bunófar an seasamh ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

[4] Cinneadh (AE) 2025/2478 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais (IO L, 2025/2478, 16.12.2025).
ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2478/oj

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán